| | |
|---|---|
| **COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH** | **An Bhruiséil, 17 Aibreán 2013 (18.04)**<br>**(OR. en)** |
| **Comhad Idirinstitiúideach: 2011/0156(COD)** | **8351/1/13**<br>**REV 1 ADD 1** |
| | **CODEC 783**<br>**DENLEG 33**<br>**AGRI 235**<br>**SAN 122**<br>**OC 201** |

**AGUISÍN A GHABHANN LE NÓTA ÍTIME "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | COREPER/AN CHOMHAIRLE |
| Uimh. an tog. ón gCoim.: | 12099/11 DENLEG 98 AGRI 480 SAN 137 CODEC 1108 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bia-ábhar lena chaitheamh ag naíonáin agus ag leanaí óga, maidir le bia-ábhar chun críocha míochaine speisialta agus maidir le malartuithe ar réim bia chun meáchan a rialú, lena n-aisghairmtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoracha 96/8/CE, 1999/21/CE, 2006/125/CE agus 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus na Rialacháin (CE) Uimh. 41/2009 agus (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún<br>**(an chéad léamh)**<br>- Glacadh<br>a) an tseasaimh ón gComhairle<br>b) na ráiteas ar chúiseanna na Comhairle Ráitis<br>**TREOIRLÍNTE COMHCHOITEANNA**<br>**Spriocdháta comhairliúcháin: 19.4.2013** |

**Ráiteas ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine**

**"Togra le haghaidh Rialacháin maidir le bia a bhfuil beartaithe é a úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga agus maidir le bia chun críocha speisialta míochaine"**

"Tá an Ghearmáin i gcoinne an togra reatha le haghaidh Rialacháin maidir le bia a bhfuil beartaithe é a úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga agus maidir le bia chun críocha speisialta míochaine.

Thacaigh an Ghearmáin i gcónaí le leasú ar an reachtaíocht Eorpach maidir le bianna diaitéiteacha i bprionsabal. Ní bhaintear amach go leordhóthanach, leis an Rialachán seo, na cuspóirí atá á lorg, is é sin rialáil níos simplí, níos fearr agus comhchuibhiú níos forleithne i leith an réimse sin dlí.

Go háirithe, is é tuairim na Gearmáine nach ndéantar an leibhéal speisialta cosanta a theastaíonn do spriocghrupaí fíorleochaileacha a chur san áireamh go leordhóthanach leis an Rialachán nua. Is é tuairim na Gearmáine go bhfuil fadhb á cruthú, ar chúiseanna maidir le cosaint choisctheach sláinte, má cheadaítear go bhféadtar substaintí éagsúla a chur isteach gan srian, ar substaintí iad a dhéantar, mar thoradh ar an éifeacht chothaitheach nó fhiseolaíoch atá leo, a chur le hearraí bia laistigh de raon feidhme an Rialacháin.

Sa chomhthéacs sin, tuigtear don Ghearmáin go bhfuil neamhréiteach doréitithe ann idir na ceanglais dhiana den Rialachán maidir le héilimh shláinte i ndáil lena indéanta atá sé fíorú eolaíoch a dhéanamh ar éilimh a dhéantar, maidir le cothú agus sláinte, san fhograíocht bhia ar láimh amháin, agus na ceanglais sábháilteachta, ar léir nach bhfuil siad chomh dian sin, maidir le cosaint choisctheach sláinte na dtomhaltóirí i ndáil le bianna chun críocha speisialta míochaine ar an láimh eile.

Ina theannta sin, níl an nós imeachta chun formheas a dhéanamh ar leathnú ar an liosta dearfach ar fáil sa Rialachán a thuilleadh, ar nós imeachta é a bhí ann roimhe seo, agus, dá bharr sin, is faoin gCoimisiún Eorpach amháin atá sé anois cúram a dhéanamh maidir le substaintí a chur leis an liosta dearfach nár cumhdaíodh ann go dtí seo. Dá bharr sin, ní bheidh an deis ag táirgeoirí bia formheas Eorpach a fháil do shubstaint trí nós imeachta a rialaítear go soiléir agus ar an gcaoi sin cinnteacht dlí a áirithiú do nuálaíochtaí. Dá bharr sin, ní chomhlíontar, leis na Rialachán nua, an ceanglas chun an nuáil a chur chun cinn."

**Ráiteas ón Ríocht Aontaithe**

Tacaíonn an Ríocht Aontaithe leis an aidhm chun creat rialála do bhianna maidir le grúpaí leochaileacha a shimpliú agus measann sí go bhfuil an cuspóir sin bainte amach leis an téacs atá molta a bheag ná a mhór. Mar sin féin, ní thacaíonn RA le leas a bhaint as gníomhartha tarmligthe chun liosta an Aontais maidir le substaintí a leasú agus dá bhrí sin ní féidir léi tacú leis an togra. Ba cheart cinntí maidir le substaintí aonair a údarú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme lena n-úsáidtear an nós imeachta scrúdúcháin i Rialachán (AE) 182/2011. Níor cheart úsáid gnímh tharmligthe sa chás ar leith seo a mheas mar fhasach do réimsí eile an bheartais bhia.